

Eacnamaíocht Bhaile

Aonad Foghlama Idirghníomhach

Teimpléad Pleanála

Treoracha

Sna rannóga **Torthaí Foghlama** agus **Briathra Gnímh** den teimpléad seo gheobhaidh tú roghchláir anuas; ceann do na torthaí foghlama ó gach ceann de na snáitheanna d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí agus ceann do bhriathra gnímh Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí. Clliceáil ar 'Roghnaigh Snáithe ... Toradh Foghlama' nó 'Cuir isteach an Briathar Gnímh' agus beidh saighead le feiceáil. Clliceáil ar an saighead agus beidh na torthaí foghlama don snáithe sin nó na briathra gnímh sin le feiceáil. Clliceáil ar an gceann ar mhaith leat a bheith ag obair leis, agus beidh sé le feiceáil i dtéacs iomlán sa teimpléad.

Chun níos mó ná toradh foghlama amháin ó shnáithe a chur isteach cóipeáil agus greamaigh an roghchlár anuas.

Chun gné de thoradh foghlama a aibhsiú nuair a bhíonn an toradh foghlama roghnaithe agat deasclliceáil agus brúigh '*Remove Content Control*'. Is téacs bán atá ann anois agus is féidir é a aibhsiú mar is gá.

Is féidir an Teimpléad 'Torthaí Foghlama a Iniúchadh' a úsáid i gcomhar le rannóg na **Príomhfoghlama** den teimpléad seo.

An tSonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Sa tsonraíocht do chúrsa Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, díritear ar thuiscint agus scileanna an scoláire a fhorbairt chun saol barr feabhais, folláin agus inbhuanaithe a bhaint amach trí mheán trí shnáithe comhthéacsúla nasctha: Bia, Sláinte agus Scileanna Cistineacha; Saol Teaghlaigh Freagrach; agus Teicstílí agus Ceardaíocht. Baineann Eacnamaíocht Bhaile úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Dearadh í d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

(Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, lch.10)